

## *Scéim na Gaeilge 2014 - 2017*

### *Scéim arna hullmhú faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*

#### **1. Réamhrá agus Buneolas**

Ullmhaíodh an dara scéim seo de chuid Leabharlann Chester Beatty (LCB) faoi réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Foráiltear faoi Alt 15 d'athbhreithniú tráthrialta ar an scéim agus do dhréacht de scéim nua a ullmhú.

Déantar foráil faoin Acht do chomhlachtaí poiblí scéim reachtúil a ullmhú ina leagtar amach na seirbhísí a bheidh á gcur ar fáil acu:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a dhéanfar chun a chinntiú go soláthrófar laistigh de thráthchlár aontaithe aon seirbhís nach bhfuil á cur ar fáil trí mheán na Gaeilge ag CBL.

#### **2. Treoirínte agus Ullmhú na Scéime**

Foráiltear in Alt 12 an Achta do threoirínte arna n-ullmhú ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a eisiúint le comhlachtaí poiblí mar chabhair maidir le dréacht de scéim a ullmhú. Rinneadh an scéim seo a dhréachtadh agus an aird chuí ar na treoirínte sin.

Admhaíonn LCB go bhfuil de cheart ag daoine den phobal roghnú gnó a dhéanamh sa teanga is fearr leo féin agus go ndéanfar freastal dó sin sa ghnó a dhéanann siad linne, más i mBéarla nó i nGaeilge é. Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta agus príomhtheanga oifigiúil an stáit, tá LCB dúthrachtach maidir le seirbhísí trí Ghaeilge do dhaoine den phobal a choinneáil ar bun agus a fheabhsú.

Sa chás go mbeadh gealltanais sa scéim a bhí ag LCB roimhe seo nach mbeadh maith déanta de go fóill, rinneadh sin a phlé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

## 2. Dáta tosaigh na Scéime

Tá an scéim seo dearbhaithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Cuirtear tús leis an scéim le feidhm ón 16 Meitheamh 2014 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh thréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go ndearbhaíonn an tAire scéim nua faoi réir alt 15 an Achta, cibé acu is deireanaí.

## 3. Forbhreathnú ar Leabharlann Chester Beatty

Is é Leabharlann Chester Beatty agus an t-iarsmalann an foras is iomráití in Éirinn ina gcuirtear chun cinn meas agus tuiscint ar chultúir an domhain agus an caidreamh leis na daoine a bhfuil ábhar a bhaineann lena gcultúr i measc ár gcuid Bailiúchán. Tá seoda breátha sa Leabharlann de chuid mhórchultúir agus mhór-reiligiúin an domhain, iad á bhfágáil le huacht ag Éireannaigh nó á gcur faoi chúram an Stáit ag Sir Alfred Chester Beatty (1875–1968), innealtóir mianadóireachta as Meiriceá a bhí ina fhear bailiúcháin agus daonchairdis.

Ó d’athraigh an leabharlann go Caisleán Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2000, tá Leabharlann Chester Beatty ag dul i dtreis. Sa seanionad ar Bhóthar Shrewsbury i mbruachbhailte Bhaile Átha Cliath, bhí d’acmhainn ag an Leabharlann cóir a chur ar scoláirí agus bhí áiseanna áirithe ar fáil chun gnéithe den Bhailiúchán a chur ar taispeánt ar mhaithe le taitneamh an phobail. Bhíodh cúpla míle cuairteoir ar an meán ag trácht ar an Leabharlann. I gcodarsnacht leis sin, taobh istigh de sheacht mbliana ó aistríodh go dtí Caisleán Bhaile Átha Cliath, bhí ardú go dtí líon is mó ná 250,000 ar líon na gcuairteoirí. Bhí feabhsú chomh mór ar áiseanna don Bhailiúchán agus don phobal gur bhuaigh Leabharlann Chester Beatty an Gradam d’Iarsmalann Eorpach na Bliana sa bhliain 2002.

Sa lá atá inniu ann, tá an Leabharlann ar cheann de na Forais Chultúir Náisiúnta is mó a mbíonn trácht daoine air. Tugadh taispeántais shealadacha iontacha go hÉirinn do phobal na tíre seo mar gheall ar chomharobair idirnáisiúnta trí leas a bhaint as an mBailiúchán buan (le taispeántais maidir le Dürer, Muraqqa agus Shahnama) chomh maith le saothair ar iasacht as bailiúcháin idirnáisiúnta (taispeántais de leithéid Leonardo, Rembrandt agus Matisse).

Trí na taispeántais bhuana agus shealadacha, an clár foghlama idirchultúir agus an réimse leathan de bhearta poiblí do dhaoine de gach aoisghrúpa agus cultúr, is spás bríomhar, tarraingteach, soicheallach an Leabharlann maidir le meas agus tuiscint ar chultúir an domhain.

Tá os cionn 6,000 lámhscríbhinn le fáil ar pháipéar, ar phárpháipéar agus i meáin eile i mbailiúcháin Chester Beatty, mar aon le tuairim is 4,000 leabhar mín nó luathfhoilsithe, agus na céadta míreanna eile a bhaineann le healaíona maisiúla. Ar na seoda is tábhachtaí de chuid na Leabharlainne tá na paipírí bíobalta agus Mainicéacha, na mórghailiúcháin de lámhscríbhinní Ioslamacha (lena n-áirítear os cionn 300 cóip iomlán nó neamhiomlán den Chóráin Naofa), agus lear mór saothar fealsúnachta,

liotúirge agus creidimh spioradálta ón tSín, ón tSeapáin, agus ó Oirdheisceart na hÁise agus ón India Neamhioslamach. Tá lámhscríbhinní dathmhaisithe ón Éigipt, ón Leiveaint, ón mBiosáint, ó iarthar na hEorpa, ón Aetóip, ón Rúis agus ón tSeirbia, agus cartlann shuimiúil de cháipéisí a bhaineann le Mísin Chríostaí in Oirthear na hÁise sa seachtú haois déag agus go luath san ochtú haois déag i measc na mbailiúchán Críostaí. I measc na mbailiúchán Ioslamach tá os cionn 2,700 lámhscríbhinn a phléann le scoláireacht, le dlí na nIoslamach, le hurnaí agus tráchtáireacht ar bheatha an Fháidh, le cúrsaí míochaine, le cúrsaí matamaitice, le cúrsaí eolaíochta agus leabhair oilithreachta. Ina dteannta sin, atá dathmhaisithe le hornáid teibí, tá codaisí le léaráidí sármhíne ón bPeirs, ón Tuirc agus ó Chúirt Mhogálach na hIndia sa Leabharlann. Is léir go bhfuil bailiúcháin thábhachtacha i seilbh na Leabharlainne a thugann léiriú ar stair agus ar Smaointeoireacht na Críostaíochta, ar stair Ioslaim agus ar léann agus spioradáltacht na nIoslamach, agus ar thraidisiúin Oirthear na hÁise lena n-áirítear Daochas, Confúiceachas, Búdachas Zen, Búdachas, Jaineachas, Saíceachas agus réimse maith eile nach iad. Tá an bailiúchán saibhir freisin ó thaobh saothair ealaíne de nach tréithe reiligiúnda go sainiúil atá ag roinnt leo ach atá ina n-acmhainní ríthabachtacha i dtaca le stair na scríbhneoireachta agus an leabhair ar fud an Domhain Ársa.

#### **4. Áiteanna Feidhme sa Leabharlann**

Feidhmíonn an Leabharlann mar dhánlann ealaíne go príomha le dhá urlár de dhánlanna taispeántais. Tagann cuairteoirí isteach sa Leabharlann tríd an ngairdín i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Is spás galánta nua-aimseartha é an halla isteach faoi dhíon gloine a cheanglaíonn foirgneamh an 18<sup>ú</sup> haois déag leis na dánlanna taispeántais nua saintógtha. Ar urlár na talún, is féidir le cuairteoirí taitneamh a bhaint as léiriú closamhairc ar bheatha Sir Alfred Chester Beatty agus a shárhbailiúchán ealaíne. Tá léachtlan, bialann agus siopa ar an leibhéal seo freisin.

Tá na dánlanna taispeántais suite ar an gcéad urlár agus ar an dara hurlár. Sa taispeántas Ealaíona an Leabhair is féidir le cuairteoirí féachaint ar leabhair ón domhan ársa, ina measc lámhscríbhinní a bhfuil cáil orthu ar fud an domhain, Dánta Grá Chester Beatty (c.1160 RC), Leabhair na Marbh ón Éigipt agus lámhscríbhinní sármhaisithe de chuid na meánaoise san Eoraip agus leabhair phriontáilte mhíne de chuid na hEorpa freisin, gan trácht ar phriontaí leis na Seanmháistrí. Ríomhtar sa taispeántas scéal shaibhreas thraidisiúin lámhscríbhinní na nIoslamach - bíonn léaráidí agus maisiúcháin daite, callagrafaíocht, agus mínobair cheangail ó cheann ceann an Mheánoirthir agus na hIndia ar taispeánt. I measc na saothar breá ó Oirthear na hÁise tá ceann de na bailiúcháin leabhar is áille ar domhan maidir le séad na Síneach, scrollaí pictiúir de chuid na Seapáine ar a léirítear fabhalscéalta agus finscéalta, agus priontaí bloc adhmaid fíorghalánta. Tá cláir chlosamhairc ag gabháil leis an taispeántas a chuidíonn leis an gcuairteoir níos mó a fhoghlaim faoi ealaín na leabhar ar fud an domhain.

Tá dánlann na dTraidisiúin Naofa dírithe ar mhór-reiligiúin an domhain, ina measc an Giúdachas, an Chríostaíocht, Ioslámachas, Búdachas agus Hiondúchas. Scrúdaítear sna cláir chlosamhairc oilithreachta na Moslamach go Meice, beatha Chríost agus beatha Bhúda, chomh maith le deasghnátha mhóirmeachtaí an tsaoil - breith, pósadh agus bás - i gcórais chreidimh dhifriúla. I measc na n-ábhar sárscéimhe atá ar taispeánt, tá sárchóipeanna dathmhaisithe den Chórán ón naoú haois go dtí an naoú

haois déag; paipírí ársa, lena n-áirítear na dánta grá iomráiteacha ón Éigipt thart ar an mbliain 1100 RC; agus roinnt de na téacsanna is luaithe de na Soiscéil agus den Nua-Thiomna, ag dul siar go dtí c. 200 AD. Is foinse bhuntábhachtach maidir leis an luath-Chríostaíocht an bailiúchán de théacsanna an Tiomna Nua i Leabharlann Chester Beatty agus tá sárleiriú ar shaíocht na nIoslamach ó thaobh callagrafaíochta agus mionsaothar ornáidíochta le sonrú ar lámhscríbhinní an Chóráin. Tá scrollaí míne agus saothair ealaíne eile ón tSín, ón tSeapáin, ón Tibéid agus ó Dheisceart agus ó Oirdheisceart na hÁise ar taispeáint freisin.

Tá seomra léitheoireachta sa Leabharlann freisin le bailiúchán mór de leabhair thagartha a mbítear ag cur leis i gcónaí. Is féidir le cuairteoirí (nach mór dóibh cur isteach ar thicéad léitheora ar dtús) dul i mbun oibre sa seomra álainn seo ar an gcéad urlár i bhFoirgneamh an Chloighí, ina bhfuil chomh maith an tsíleáil mhínlaiceir de réir stíl na Síne a chruthaigh Chester Beatty i dtosach dá theach cónaithe i Londain. Rinne Hicks Bhaile Átha Cliath na leabhragáin sa bhliain 1950.

## **5. Comhthéacs Scéim na Gaeilge 2014 - 2017**

Tá LCB lándúthrachtach maidir le haidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 feabhas a chur le himeacht ama ar oiread agus ar chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal trí Ghaeilge.

Tugadh roinnt gealltanais maidir le feabhas a chur ar leibhéal na seirbhísí trí Ghaeilge sa chéad scéim a d'ullmhaigh LCB agus leagtar amach iad sin in alt 6 thíos. Bhain na gealltanais sin le comharthaí i nGaeilge, foilseacháin, turais, an láithreán gréasáin, teachtaireachtaí ríomhphoist, fógraí poiblí agus oiliúint ar dhaoine den fhoireann ionas go ndéanfaí freastal ar na cuairteoirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Is é cuspóir atá leis an dara scéim leanacht de na seirbhísí sin a chur ar fáil trí Ghaeilge go deireadh ré na scéime.

## **6. Measúnú maidir le Seirbhísí trí Ghaeilge**

Seirbhísí nua nó forfheabhsaithe a cuireadh ar fáil ón trá ar foilsíodh an chéad Scéim Gaeilge:

Turais faoi Threoir:

- Bíonn turas faoi threoir i nGaeilge ar an sceideal uair sa mhí agus leanfar de sin ach treoraí a bheith ar fáil chuige (oibríthe deonacha na treoraithe ar fad).

Foilseacháin:

- D'fhoilsigh an Leabharlann an Treoir maidir leis na Bailiúcháin i nGaeilge mar r-leabhar sa bhliain 2013.
- Déantar gach Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú go comhuaineach ar an idirlíon i bhfoirm dhátheangach.
- Foilsíodh 'Ráiteas Straitéise 2013-2015' na Leabharlainne ar an idirlíon i bhfoirm dhátheangach.

#### Comharthaí:

- Cuireadh comharthaí nua maidir le ‘Uaireanta Oscailte’ isteach sa bhliain 2013 i gcomhréir le Rialacháin faoi Alt 9 (1) an Achta.

#### Fógraí ó Bhéal:

- Tá an fógra taifeadta san ardaitheoir nua (cuireadh isteach sa bhliain 2014) i gcomhréir le Rialacháin faoi Alt 9 (1) an Achta.

#### Preaseisiúintí:

- Déantar gach preaseisiúint a chur ar fáil i nGaeilge agus a sheoladh chuig na meáin chumarsáide Gaeilge lena mbaineann.

#### An Láithreán Gréasáin:

- Tá na rannóga seo a leanas de láithreán gréasáin na Leabharlainne, a bhaineann le heolas ginearálta do chuariteoirí ionchais agus do lucht taighde, ar fáil anois i bhfoirm dhátheangach: Fúinn, Pleanáil Cuairte, Tacaigh Linn, agus rannóga faoi leith maidir le Oideachas, Taispeántais, Siopa & Cnuasaigh.
- Tá an fhoirm áirithinte maidir le ceardlanna/imeachtaí etc. ar fáil i bhfoirm dhátheangach.

#### Córais Ríomhaireachta:

- Tá gach córas ríomhaireachta sa Leabharlann oiriúnach d'úsáid na Gaeilge agus beidh aon chóras nua a chuirtear isteach oiriúnach chomh maith. Tá bunachar sonraí na Leabharlainne maidir leis an mBainistíocht ar na Bailiúcháin oiriúnach don Ghaeilge.

#### Oiliúint agus Earcaíocht:

- Tá an Leabharlann ag leanacht de chur le scileanna lucht Freastail agus Fáiltithe agus bhaill eile den fhoireann trí réimse cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil.
- Luaitear gur 'buntáiste' eolas ar an nGaeilge nuair a bhíonn Freastalaithe agus/nó baill eile foirne á n-earcú.

#### Bileoga:

- Tá príomhbhileog eolais na Leabharlainne ar fáil i nGaeilge do dhaoine den phobal agus is féidir freisin é a fháil de láithreán gréasáin na leabharlainne.

#### Painéil Eolais:

- Bíonn gach painéal buneolais i ngach rannóg de Ghailearaithe na dTaispeántas Buan i bhfoirm dhátheangach. Bíonn painéal nua ar bith a chuirtear ar fáil i ngailearaithe na dtaispeántas buan i bhfoirm dhátheangach.

#### Cuirí:

- Bíonn gach cuireadh chuig oscailt taispeántais i bhfoirm dhátheangach.

#### Ríomhphost:

- Bíonn an séanadh caighdeánach ar gach teachtaireacht ríomhphoist i bhfoirm dhátheangach.

Eile:

- Rinne Raidió na Life craoladh as Leabharlann Chester Beatty Library i rith Oíche an Chultúir 2011 agus cuireadh agallamh ar chuairoteoirí i nGaeilge faoi chúrsaí ealaíne.

## **7. Dúthracht i leith seirbhísí trí Ghaeilg 2014 - 2017**

Rinne Leabharlann Chester Beatty maith de na gealltanais a leagadh amach sa chéad Scéim Gaeilge chomh maith le forfheabhsú breise a chur ar na seirbhísí dhátheangacha don phobal. Rinneadh sin i gcomhthéacs lánchosc ar earcaíocht san earnáil phoiblí agus laghdú mór ar na hacmhainní a bhí ar fáil. Tá LCB dúthrachtach i gcónaí i ndáil le seirbhísí forfheabhsaithe ar gach bealach is féidir ainneoin na deacrachtaí leanúnacha. Le linn ré na scéime nua seo 2014-2017, leanfaidh LCB de na seirbhísí a bhíonn ar fáil i nGaeilge faoi láthair a chur ar fáil agus a fheabhsú.

Déantar gach gealltanais maidir le seirbhísí a chuireann LCB ar fáil i bhfianaise chúinsí na linne mar a leagtar amach san alt thuas. Ní mór a thabhairt chun suime go bhféadfadh athrú ó thaobh cúrsaí airgid nó foirne a thitfeadh amach san am atá romhainn, agus nach bhfuil smacht ag LCB orthu, dochar a dhéanamh don dícheall maidir leis na gealltanais sin.

## **8. Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Leanfaidh Stiúrthóir agus Ceann Oibriúchán agus Riaracháin na Leabharlainne d'athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú éifeachtach na scéime seo.

Is é an Ceann Oibriúchán agus Riaracháin den chuid is mó a dhéanfaidh an fheidhm mhonatóireachta ó lá go lá chomh maith le tuairisc ar chur i bhfeidhm na scéime a thabhairt don Stiúrthóir agus do Bhord na nIontaobhaithe ar bhonn rialta.

## **9. Poiblíocht maidir leis an Scéim Chomhaontaithe**

Déanfar ábhar na scéime seo mar aon le tiomantais agus forálacha na scéime a chur in iúl don mhórphobal ar na modhanna seo a leanas:-

- Eolas a chraobhscaoileadh ar ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí oiriúnacha;
- An Láithreán Gréasáin.

Anuas air sin, tapófar gach deis sa chaidreamh a bhíonn againn le custaiméirí ó lá go lá chun na seirbhísí atá á gcur ar fáil i nGaeilge againn a chur chun cinn agus aird a tharraingt orthu ar na modhanna seo a leanas:

- a chur in iúl go díreach don chustaiméir, agus sin go forghníomhach, go bhfuil de rogha an gnó a dhéanamh trí Ghaeilge linn, mar shampla, trí fhógraí a

chrochadh in ionaid fáiltithe ag tabhairt le fios go bhfuil seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil;

- liosta de na seirbhísí sin a chur go feiceálach ar an láithreán gréasáin;
- a thabhairt le fios ar threoirínte, bileoga agus foirmeacha iarratais éagsúla go bhfuil na cáipéisí sin ar fáil i nGaeilge chomh maith, murar leaganacha dátheangacha atá i gceist;
- an suntasacht chéanna a bheith le hábhar i nGaeilge agus i mBéarla.

Seolfar cóip den scéim seo chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

Is é an leagan Béarla den scéim seo an leagan oifigiúil.